Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2025
(OR. en)

16938/24
PV CONS 68
JAI 1880
COMIX 515

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

12 agus 13 Nollaig 2024

**DÉARDAOIN AN 12 NOLLAIG 2024**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**1. Glacadh an chláir oibre** 16454/24

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16454/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 16500/24 + COR 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 16501/24

Ceartas agus Gnóthaí Baile

**1. Rialachán maidir le Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API): forfheidhmiú** ❶C 16520/24 PE-CONS 69/24 IXIM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 82(1), pointe (d), agus Airteagal 87(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

**2. Rialachán maidir le Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API): teorainneacha** ❶C 16519/24 PE-CONS 68/24 IXIM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d), agus Airteagal 79(2), pointe (c) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

**3. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann le Vanuatú** ❶C 16522/24 PE-CONS 100/24 VISA
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 77(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac Éire páirt sa vótáil.

**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN (COMHAIRLE SCHENGEN)**

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen — 16302/24
Tosaíochtaí thimthriall bliantúil Chomhairle Schengen a chur chun feidhme: an tslándáil fhoriomlán a mhéadú tríd an digiteáil
*Seisiún tuairimíochta*

4. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta — 16430/24
*Seisiún tuairimíochta*

5. Cinneadh ón gComhairle maidir leis an dáta a shocrú chun deireadh a chur le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha talún le Poblacht na Bulgáire agus leis an Rómáin agus idir Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin (Bunús dlí: Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 na Bulgáire agus na Rómáine) — (*) 16327/24
*Glacadh*

**SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE**

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**6. Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac** — SN 16329/24 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta páirteach*

Níor tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta páirteach.
Thíolaic an Ostair, an Ghearmáin agus an tSlóivéin ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**7. Aon ghnó eile** — 16121/24
**Tograí reachtacha reatha**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na nGnóthaí Baile.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. Pleanáil reachtach agus oibríochtúil i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais
*Staid na himeartha*

9. Imirce agus tearmann

a) Aghaidh a thabhairt ar an imirce[12] — 16238/24 + COR 1
*Seisiún tuairimíochta*

b) Cur chun feidhme athchóirithe imirce agus tearmainn[13]
*Seisiún tuairimíochta*

10. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir leis an tslándáil: measúnú ó sheirbhísí faisnéise slándála intíre na hEorpa [14]
*Staid na himeartha*

11. Rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí: tuarascáil deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil[5] — 16307/24
*Seisiún tuairimíochta*

12. An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[6] — 16293/24
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

13. Aon ghnó eile

a) Fóram Aireachta Ceartais agus Gnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar (Budva, an 28 agus an 29 Deireadh Fómhair 2024) — 13161/24
*Cuntas ón Uachtaránacht*

b) An 7ú Comhdháil Aireachta de Phróiseas Bhúdaipeist (Búdaipeist, an 11 agus an 12 Samhain 2024) — 16208/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

c) Ullmhacht an Aontais — 16565/24
*Faisnéis ón bhFionlainn*

d) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta — 16793/24
*Cur i láthair ón bPolainn*

---

1 Go heisceachtúil, i láthair na dTíortha atá comhlachaithe le Schengen.
2 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA agus Frontex.
3 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA, eu-LISA, Europol agus Frontex.
4 I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Europol agus Chomhchathaoirligh sheirbhísí slándála agus faisnéise intíre na hEorpa.
5 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha Eurojust agus Europol.
6 I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUDA agus Europol.

**DÉ hAOINE AN 13 NOLLAIG 2024**

**CEARTAS**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**14. Treoir maidir le rialacha íosta chun smuigleáil imirceach a chosc** ❶C **15916/1/24 REV 1**
***Cur chuige ginearálta***

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe. Thíolaic an Ghearmáin ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**15. Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac** ❶C **16674/24 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 2 COR 1**
***Cur chuige ginearálta***

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe. Thíolaic an Ostair ráiteas agus thíolaic an Bheilg, Éire, an Fhionlainn, an Laitvia, Lucsamburg, an tSlóivéin agus an tSualainn ráiteas comhpháirteach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**16. Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú** ❶C **16283/24**
***Cur chuige ginearálta páirteach***

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe.

**17. Aon ghnó eile** **16121/24**
**Tograí reachtacha reatha**
***Faisnéis ón Uachtaránacht***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

18. Pleanáil reachtach agus oibríochtúil i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais
*Staid na himeartha*

19. Todhchaí an dlí choiriúil[7] 16101/24 + COR 1
*Seisiún tuairimíochta*

[7] I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Eurojust.

| | | |
|---|---|---|
| 20. | Rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí: tuarascáil deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil[7]<br>*Staid na himeartha* | 16306/24 |
| 21. | An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[7]<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn* | 16293/24 |
| 22. | Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac[7]<br>*Staid na himeartha* | 15658/24 |
| 23. | An tOrdú Imscrúdaithe Eorpach: na torthaí ón tuarascáil chríochnaitheach maidir le meastóireachtaí frithpháirteacha (an 10ú babhta)[7]<br>*Staid na himeartha* | 15834/1/24 REV 1 |
| 24. | Aon ghnó eile | |
| | a) Fóram Aireachta Ceartais agus Gnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar (Budva, an 28 agus an 29 Deireadh Fómhair 2024)<br>*Cuntas ón Uachtaránacht* | 13161/24 |
| | b) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 16781/24 |
| | c) An frithsheimíteachas a chomhrac: forbairtí i réimse an fhrithsheimíteachais a chomhrac<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún* | 14245/24 |
| | d) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta<br>*Cur i láthair ón bPolainn* | 16792/24 |

❶ An chéad léamh

✋ Mír shrianta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 16454/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac**<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Staonann an Ostair ó chur chuige ginearálta páirteach na Comhairle maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

Is tosaíocht ollmhór don Ostair é leanaí a chosaint. Is díol sásaimh don Ostair go bhfuil creat dlíthiúil le bunú ar leibhéal an Aontais chun leanaí a chosaint, go háirithe chun an ghné ar líne a chumhdach. Tá sé tábhachtach leanaí a chosaint, soláthróirí a thabhairt chun cuntais agus oibleagáidí tuairiscithe éifeachtacha a chruthú. Tá bunús dlí soiléir ar an leibhéal Eorpach de dhíth ón méid sin.

Ó thaobh chearta na leanaí de, tacaímid go mór leis na hiarrachtaí ceart na leanaí chun sláine fisiciúla a chosaint mar aon lena gcearta i leith íomhá. Ní mór ceart na leanaí chun príobháideachais ar líne a chosaint freisin. Caithfear cearta sin na leanaí a chur san áireamh mar chuid de chothromú riachtanach na leasanna.

Tá an togra comhréitigh, atá á thíolacadh ag an Uachtaránacht, ag dul sa treo ceart ó thaobh chearta na leanaí de agus ón taobh imscrúdúcháin de.

Sa chaibidlíocht a rinneadh go dtí seo, d'iarr an Ostair i gcónaí go ndréachtófaí na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na cearta bunúsacha agus leis na ceanglais atá sa tuairim cheangailteach ó Pharlaimint na hOstaire. Dá réir sin, d'iarramar go gcoinneofaí rúndacht na cumarsáide idirphearsanta, go háirithe an criptiú inn ar inn. Níos sonraí ná sin, tá roinnt ábhar imní againn i réimse na gceart bunúsach agus na cosanta sonraí i ndáil leis an ord braith. Níor cheart d'fhaireachán neamhshrianta ar an gcumarsáid idirphearsanta ar fad eascairt as na bearta atá beartaithe. Dá bhrí sin, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le dearadh an ordaithe braith.

I bhfianaise an mhéid thuas, staonann an Ostair ón gcur chuige.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Ní féidir leis an nGearmáin aontú le cur chuige ginearálta páirteach na Comhairle maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

Is é príomhthosaíocht Rialtas Cónaidhme na Gearmáine mí-úsáid ghnéasach leanaí agus mionaoiseach a chomhrac. Dá bhrí sin, is díol mór sásaimh don Rialtas Cónaidhme comhthionscadal Eorpach a bheith ann lena gcruthófar bunús dlí soiléir buan. Is céim ríthábhachtach i gcomhrac na mí-úsáide gnéasaí leanaí é creat rialála Eorpach aonair a bhunú lena ngabhfaidh bealaí tuairiscithe éifeachtacha. Mar chuid den iarracht sin, tá sé tábhachtach soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a dhéanamh níos cuntasaí. Ag an am céanna, ní mór do na forálacha atá beartaithe seasamh le cearta bunúsacha, go háirithe maidir le rúndacht na cumarsáide a chosaint agus maidir leis an bpríobháideachas a chosaint sa réimse digiteach. Is é tuairim an Rialtais Cónaidhme gur den bhunriachtanas é ardleibhéal cosanta sonraí agus cibearshlándála a bheith ann, lena n-áirítear criptiú iomlán agus slán ó cheann go ceann sa chumarsáid leictreonach.

In ainneoin an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, creideann an Rialtas Cónaidhme gur gá fós athbhreithnithe tábhachtacha a dhéanamh ar an Rialachán atá beartaithe. Dar leis an nGearmáin, ní mór bearta as a n-eascraíonn scanadh cumarsáide criptithe príobháidí agus bearta a bhriseann, a lagaíonn, a mhodhnaíonn nó a théann timpeall ar chriptiú ó cheann go ceann a eisiamh ón Rialachán atá beartaithe. Áirítear leis sin go háirithe na teicneolaíochtaí scanta ar thaobh an chliaint a chuirtear i bhfeidhm ar ghairis úsáideoirí.

Agus an méid sin á chur san áireamh, staonann an Ghearmáin ón vótáil.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Aithníonn Poblacht na Slóivéine gur gá mí-úsáid ghnéasach leanaí as líne agus ar líne a chomhrac agus creat dlíthiúil fónta buan a bhunú, lena gcumasófar comhrac éifeachtach na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne i gcomhréir leis na cearta bunúsacha. Is mór againn na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Seice, Uachtaránacht na Sualainne, Uachtaránacht na Spáinne, Uachtaránacht na Beilge agus Uachtaránacht na hUngáire chun teacht ar chomhaontú sa Chomhairle. Mar sin féin, measaimid nach bhfuil an chothromaíocht iomchuí fós sa téacs atá beartaithe maidir leis an gcur chuige ginearálta páirteach (16329/24) idir éifeachtacht an Rialacháin atá beartaithe agus an chomhréireacht agus urraim do na cearta bunúsacha a áirithiú.

Tacaíonn an tSlóivéin leis na forálacha sa Rialachán atá beartaithe maidir le measúnuithe riosca, bearta maolaithe riosca, an comhar le soláthraithe seirbhíse agus ról Lárionad an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Tacaímid go hiomlán leis na caibidlí sin sa chur chuige ginearálta páirteach atá beartaithe.

Is iad na forálacha lena dtugtar isteach ‘ordú braith’, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí cur isteach ar an gceart chun príobháideachais cumarsáide, an príomhábhar imní don tSlóivéin ó cuireadh tús leis an bplé sa Chomhairle. I gcomhréir le Bunreacht Phoblacht na Slóivéine, ní fhéadfar príobháideachas an chomhfhreagrais agus modhanna eile cumarsáide a chur ar fionraí ach ar feadh tréimhse shocraithe ar bhonn ordú cúirte i gcás inar gá sin chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó le linn imeachtaí coiriúla nó ar chúiseanna slándála náisiúnta. Áitíonn an tSlóivéin gurb ionann an t-ordú braith atá beartaithe agus scagadh ar chumarsáid idirphearsanta úsáideoirí uile seirbhíse ar leith ar an mbonn gur dóchúil é go bhfuil seirbhís ar leith á húsáid nó go bhfuil mí-úsáid á baint aisti chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a tharchur, rud atá ina chur isteach díréireach ar an gceart chun príobháideachais cumarsáide.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóivéine ag staonadh i ndáil le téacs an chur chuige ginearálta pháirtigh maidir leis an *togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac*.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 14 ar liosta na míreanna ‘B’:** | **Treoir maidir le rialacha íosta chun smuigleáil imirceach a chosc**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Chomhaontaigh an Ghearmáin le cur chuige ginearálta na Comhairle maidir leis an togra le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle.

Tacaíonn an Ghearmáin le haidhm na Treorach smuigleáil imirceach a chomhrac agus a chosc.

Ag an am céanna, tá sé tábhachtach go bhfuil soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil ann maidir leis an idirdhealú idir éascú na himirce neamhrialta agus an cúnamh daonnúil.

Ó thaobh na Gearmáine de, de réir aithrisí 4 agus 7 níl, i dtéacs deiridh an chur chuige ghinearálta, aon oibleagáid ar na Ballstáit cúnamh daonnúil ná tacú le riachtanais bhunúsacha an duine a choiriúlú

- lena n-áirítear comhairle nó tacaíocht dhlíthiúil, teanga nó shóisialta agus
- an cúnamh arna gcur ar fáil faoi seach do dhlúthbhaill teaghlaigh

i gcás náisiúnaigh tríú tír.

Is é ár dtuairim go mbíonn feidhm aige sin go háirithe maidir le hiarrachtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir mar a cheanglaítear leis an dlí idirnáisiúnta tráth na tarrthála, an díbhordáil ina dhiaidh sin san áireamh.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 15 ar liosta na míreanna 'B':** | **Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Aithníonn an Ostair a bhfuil déanta chun na forálacha in Airteagail 13 agus 14 den togra, maidir le daoine dlítheanacha a bheith faoi dhliteanas agus na pionóis atá le gearradh orthu, a ailíniú leis na forálacha sna treoracha, nó sna tograí le haghaidh treoracha, atá ann cheana. Tá sé ríthábhachtach don Ostair go mbeadh comhsheasmhacht ann le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais agus gníomhartha dlí nua á nglacadh aici chun córas dlí comhchuibhithe a chruthú san Aontas agus na Ballstáit a chumasú chun é a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach.

Ar an drochuair, áfach, is é an tuairim atá againn nach gcomhlíonann Airteagal 14 den togra le haghaidh Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac na ceanglais sin: ní chomhfhreagraíonn an córas atá beartaithe maidir leis na pionóis atá le gearradh ar dhaoine dlítheanacha don chóras atá i bhfeidhm i dTreoracha eile (go háirithe an Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil nó an Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais) nó i dtograí eile le haghaidh Treoracha, mar shampla sa togra le haghaidh Treoir maidir le gáinneáil ar dhaoine, sa mhéid agus go moltar córas éagsúil maidir le leibhéil na bpionós atá le gearradh ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha. Leis an gcóras a úsáidtear go dtí seo, foráiltear d'fhíneáil 1 % den láimhdeachas domhanda nó EUR 8 milliún mar mhéid socraithe i gcás daoine dlítheanacha, arb ionann é agus pianbhreith choimeádta bliana amháin a ghearradh ar dhaoine nádúrtha, agus d'fhíneáil 5 % den láimhdeachas domhanda nó EUR 40 milliún mar mhéid socraithe i gcás daoine dlítheanacha, arb ionann é agus pianbhreith choimeádta 5 bliana a ghearradh ar dhaoine nádúrtha. Cé go gcloítear sa togra atá ann faoi láthair leis an gcóras sin, is é sin méid na fíneála a bheith ag comhfhreagairt do phianbhreith choimeádta bliana amháin, diallann sé ón gcóras i gcás pianbhreith choimeádta 5 bliana agus ní fhoráiltear leis ach do 3 % in ionad an 5 % a bhí in úsáid i gcónaí go dtí seo.

Is oth leis an Ostair an diall sin. Tá an baol ann go gcruthófar leis ilroinnt ar dhlí an Aontais agus deacrachtaí cur chun feidhme do na Ballstáit. Ina theannta sin, baineann an cur chuige sin an bonn de na hiarrachtaí comhthreomhara atáthar a dhéanamh chun 'samhailfhorálacha', mar a thugtar orthu, a chruthú le haghaidh an dlí choiriúil freisin.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN bhFIONLAINN, Ó ÉIRINN, ÓN LAITVIA, Ó LUCSAMBURG, ÓN tSLÓIVÉIN AGUS ÓN tSUALAINN**

'Is díol sásaimh dúinn an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac agus is mian linn an méid seo a leanas a dhearbhú.

Tá thart ar leanbh amháin as gach cúigear ina n-íospartaigh de chineál éigin foréigin ghnéasaigh. Áirítear leis sin tadhall gnéasach, éigniú, gnéaschiapadh, mealltóireacht, neamhord nochta, dúshaothrú sa striapachas agus sa phornagrafaíocht, sracadh gnéasach ar líne, agus comhéigean[8].

8 De réir an fheachtais dar teideal 'Duine as Cúigear' ó Chomhairle na hEorpa, https://human-rights-channel.coe.int/stop-child-sexual-abuse-in-sport-en.html.

Cé gur féidir le leanaí, **a bhfuil aois an toilithe gnéis slánaithe acu**, toiliú le gníomhartha gnéasacha, tá siad an-leochaileach agus tá cosaint dhlíthiúil chuimsitheach tuillte acu. Táimid faoi réir chun sláine phearsanta agus ghnéasach na ndaoine óga sin san Aontas a chosaint.

Ba dhíol sásaimh dúinn an togra ón gCoimisiún coincheap an easpa toilithe a thabhairt isteach sa sainmhíniú ar éigniú a bhaineann le leanaí, a bhfuil aois an toilithe gnéis slánaithe acu. Sa choincheap sin luaitear go soiléir **nuair is féidir toiliú a thabhairt** agus nuair **nach féidir le leanbh toiliú**, mar shampla nuair a bhíonn an leanbh **gan aithne**, ina chodladh nó ina codladh nó ina staic de dheasca an **sceimhle**. Luaitear freisin **nach féidir an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach trí bhíthin thost an linbh, gan an leanbh cur i gcoinne na gníomhaíochta go fisiciúil nó ó bhéal, ná trí iompar gnéasach an linbh san am a chuaigh thart.**

Tá codanna riachtanacha den téacs seo scriosta ag an gComhairle, áfach. Is oth linn go mór nach raibh formhór na mBallstát in ann tacú le cur chuige níos uaillmhianaí chun a áirithiú go gcuirfí ar fáil an **chosaint dhlíthiúil** is láidre agus is cuimsithí amuigh ar ghníomhartha gnéasacha neamh-inmhianaithe do leanaí a bhfuil aois an toilithe gnéis slánaithe acu.

Tá a fhios ag an saol mór, dar linne, nach féidir le leanaí atá **gan aithne** nó atá **ina gcodladh** toiliú a thabhairt do ghníomhartha gnéis. Ar an gcuma chéanna, ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach trí bhíthin thost an linbh, **gan an leanbh cur i gcoinne na gníomhaíochta go fisiciúil nó ó bhéal ná trí iompar gnéasach an linbh san am a chuaigh thart**. Ba cheart é sin go léir a shoiléiriú sa chuid oibríochtúil den Treoir.

Ina theannta sin, léiríonn taighde gur freagairt choiteann é an **sceimhle** ar an éigniú agus ar an bhforéigean gnéasach. Mar shampla, léirítear sa staidéar dar teideal '*Tonic immobility during rape*' gur fágadh ina staic de dheasca an sceimhle 70 faoin gcéad d'íospartaigh an éignithe arb é a tharla nach raibh siad in ann bogadh ná cur in aghaidh an éignithe nuair a bhí sin á dhéanamh orthu, agus gur fágadh beagnach 50 faoin gcéad acu ina staic buaice. Ní toiliú í staid staice de dheasca an sceimhle. Is freagairt instinneach í chun imeacht le do bheo, agus ba cheart é sin a lua go soiléir sa chuid oibríochtúil den Treoir, mar a mhol an Coimisiún.

Mar fhocal scoir, is oth linn go mór nach bhfuil formhór na mBallstát in ann teacht le chéile chun cur chuige níos uaillmhianaí agus níos cuimsithí a mholadh lena gcosnófaí leanaí a bhfuil aois an toilithe gnéis slánaithe acu ar ghníomhartha gnéasacha neamh-inmhianaithe.'